Nuachtlitir Pháistí Scoil Chualann

Ár Scoil

Tá cuma aoibhinn ar láthair Scoil Chualann anois agus táimid go léir an-bhródúil go deo as. Ní hamháin go bhfuil clós nua álainn againn, plandaí nua-churtha agus spás scútair nua, mar a mhíníomar cheana, ach tá múrmhaisiú dochreidte ar chúl na scoile anois.

Ní gá duit ach breathnú air. Féach ar chlé. Míle buíochas le Julian Hills a chur Bré i gceartlár 'An Bradán Feasa'.

Blast Eolaíochta

Don dara bliain as a chéile rinne Rang IV sárobair ag glacadh páirte i mBlast Eolaíochta. Bhí an-spraoi acu cé go raibh sé ar líne agus bhí seans iontach acu gléasadh mar bheacha ar an Aoine sin. Rinne siad fiosrúchán atá an-tábhachtach dúinn faoi láthair darbh ainm: 'Conas a dhéanann beacha mil?' Comhghairdeas leo as an dea-obair thábhachtach sin.

Airgead Bailithe

Gabhaimid buíochas mór millteach le Nóirín agus Vaughan Dodd as an obair ar fad a rinneadar ag cur síolta, ag fás bláthanna agus plandaí agus á ndíol ar mhaithe le Scoil Chualann agus Purple House. Bhí Nóirín agus Vaughan ag obair ar an togra seo ó thus na bliana go dtí Mí Bhealtaine.

Bhí díolachán plandaí sa scoil ar an 15ú Bealtaine agus bailíodh €1265. Roinneadh an t-airgead sin idir Scoil Chualann agus Purple House i mBré. Míle buíochas le tuismitheoirí iontacha na scoile a thug tacaíocht dúinn ar an lá sin agus arís ar an 19ú Bealtaine.